# *An Ghaeilge sa Chóras Oideachais in Éireann, 1922 – 1972.*

***Údar: Áine Hyland.***

(Gaeloideachas – Tionól Forbartha 2023 – dréacht 06/11/2023).

Déanfaidh an aoi-léacht seo cur síos ar pholasaí Rialtas na hÉireann maidir le múineadh na Gaeilge and múineadh trí mheán na Gaeilge i mbunscoileanna agus meánscoileanna na tíre idir 1922 agus 1972. Ba é polasaí an rialtais ag an am ná an Ghaeilge a athbhunú mar theanga dhúchais na tíre. Bhí sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais an córas scoile a úsáid chun é seo a bhaint amach. Toisc go mbeadh ar gach scoil náisiúnta gach ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge, chomh luath is a bheadh na múinteoirí cáilithe leis sin a dhéanamh, ní raibh aon ghá ag an am le Gaelscoileanna speisialta. Faraor, níor éirigh leis an aidhm a bhí ag an Rialtas in 1922 agus déanfaidh an léacht seo cur síos ar cad a tharla.

**An tOllamh Áine Hyland, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
Is iar-ollamh oideachais í Áine Hyland i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá breis is daichead bliain de thaithí aici ag plé le hoideachas múinteoirí – bunmhúinteoirí agus múinteoiri meánscoile. Tá suim ar leith aici i stair an oideachais agus chomheagraigh sí trí imleabhar de dhoiciméid oifigiúla maidir le stair an oideachais in Éirinn. Bronnadh dhá dhochtúireacht oinigh uirthi mar aitheantas ar an méid a rinne sí don oideachas sa tír seo agus is ball d'Acadamh Ríoga na hÉireann í.

## An Ghaeilge sa chóras oideachais roimh 1922 – na scoileanna náisiúnta

Bunaíodh an córas náisiúnta bunscoile in Éirinn sa bhliain 1831. Córas cabhrach a bhí ann, faoinar cuireadh maoiniú ar fáil do scoileanna a bhí faoi úinéireacht pátrúin áitiúla agus a bhí á mbainistiú go háitiúil, ach a lean curaclam náisiúnta. Don chéad caoga bliain ní raibh cead an Ghaeilge a mhúineadh ins na scoileanna náisiúnta. In 1872 tugadh isteach córas íocaíochta de réir torthaí (Payment by Results) inar íocadh múinteoirí ar bhonn thorthaí a gcuid daltaí. Cé nach raibh an Ghaeilge fós san áireamh i gcuraclam na scoile náisiúnta, d'fhéadfaí í a mhúineadh lasmuigh d'uaireanta scoile mar ábhar breise a raibh táillí breise le híoc le múinteoirí ina leith (Hyland agus Milne, lch. 128).

I 1904 cuireadh clár dá-theangach i bhfeidhm a d'fhéadfaí a mhúineadh i scoileanna i gceantair ina labhraítí Gaeilge, nó Gaeilge agus Béarla. Cé gur cuireadh deireadh le híocaíocht de réir torthaí sa bhlian 1900 d'ábhair eile a mhúineadh lasmuigh d'uaireanta scoile, leanadh de tháillí a íoc as múineadh na Gaeilge (Walsh, 2011, lch.50). Faoi 1921, bhí an Ghaeilge á múineadh nó á húsáid taobh istigh d'uaireanta scoile i 240 scoil (as os cionn 5,000 scoil san iomlán) agus múineadh í mar ábhar breise lasmuigh d'uaireanta scoile i 1,890 scoil (Ó Domhnalláin, 1987).

## An Ghaeilge sna scoileanna náisiúnta tar éis 1922

Nuair a bunaíodh Saorstát Éireann i 1922, fógraíodh go mbeadh béim ar leith sa chóras oideachais ar an teanga, agus ar stair, ceol agus traidisiún na hÉireann. D'fhógair an

príomhfheidhmeannach oideachais, Pádraig Ó Brolcháin,  go mbeadh “uair an chloig sa ló á thabhairt do theagasc na Gaeilge nó do theagasc ábhar léinn i nGaeilge in ngach scoil náisiúnta” ó Lá le Phádraig i leith, agus nach gceadófaí “an Béarla a úsáid i rang naíonán ar bith dá mbeadh go leor den Ghaeilge chuige ag múinteoir an ranga”.

I mí Márta 1922, ghlac an rialtas le Clár Náisiúnta nua, agus is iad na príomhfhorálacha a bhí ann ná (i) go múinfí an Ghaeilge i ngach scoil seachas scoileanna ina raibh formhór na dtuismitheoirí ag cur ina gcoinne (ii) gur chóir go mbeadh gach teagasc i ranganna na naíonán trí Ghaeilge agus (iii) gur chóir stair, tíreolaíocht, amhránaíocht agus corpoideachas a mhúineadh trí Ghaeilge ins na ranganna eile. (Comhdháil an Chláir Náisiúnta,  1922).

Eisíodh Clár Athbhreithnithe i 1926.  D'aithin an clár seo nach raibh go leor múinteoirí sách líofa sa Ghaeilge chun an curaclam iomlán a sheachadadh trí mheán na Gaeilge (Comhdháil Náisiúnta na gClár, 1926) agus dá bhrí sin laghdaíodh na héilimh ar mhúineadh na Gaeilge agus ar theagasc trí Ghaeilge. I 1926, in ainneoin infheistíocht shuntasach a bheith déanta ag an Rialtas i gcúrsaí samhraidh Gaeilge do mhúinteoirí náisiúnta idir 1922 agus 1926, ní raibh teastas dátheangach ach ag 20% de mhúinteoirí, teastas a léirigh líofacht sa Ghaeilge.

Faoi 1932, bhí an céatadán méadaithe go 35% agus i 1934, faoi rialtas nua Fhianna Fáil, neartaíodh na riachtanais maidir le teagasc trí Ghaeilge.  Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Gaeilge do scoileanna náisiúnta agus ardaíodh an caighdeán. Chuir an Roinn Oideachais treoirlínte mionsonraithe – *Nótaí do Mhúinteoirí* – Gaeilge  (Notes for Teachers – Irish) – (55 leathanach ar fhad) le chéile ag an am sin, inar leagadh amach modheolaíocht do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna náisiúnta. Lean na treoirlínte seo mar Bhíobla I dteagasc na Gaeilge go ceann tríocha bliain.

Ait go leor, is i mBéarla amháin a foilsíodh *Nótaí do Mhúinteoirí*.  Cé gur ath-eisíodh iad roinnt uaireanta idir na 1930idí agus na 1970idí, ní raibh siad ar fáil i nGaeilge riamh. De reir na Nótaí, bhí sé sé mar aidhm ag an Roinn "go mbeadh gach scoil, chomh fada agus is féidir, mar chuid den Ghaeltacht ar feadh na gcúig uair an chloig den lá scoile".  Ag an am céanna, d’admhaigh an Roinn “nach ionann sin agus a rá gur chóir gach ábhar i ngach scoil a mhúineadh trí Ghaeilge ach gur chóir go mbeadh Gaeilge mar theanga oifigiúil na scoile" agus go úsáidfí an teanga go forleathan.

Agus an Ghaeilge á múineadh acu, de réir na Nótaí, ba chóir do mhúinteoirí struchtúr a chur ar a gcuid teagaisc faoi thrí cheannteideal: Cúrsa A – Bonn struchtúrtha (i.e. gramadach); Cúrsa B – Foclóir; agus Cúrsa C - Comhrá Saor.

De réir Tomás Ó Domhnalláin abhí ina mhúinteoir agus ina chigire ag an am:

> “An modh oibre a bhí leagtha síos (ins na Nótaí sin) bhí sé go mór chun tosaigh ar mhodhanna mhúinte teangacha na linne sin .... Bhí múinteoirí na linne, go mór-mhór iad sin a oileadh ó thús na dtriochaidí ar aghaidh, an-oilte sa chur chuige a bhí i gceist, mar ba chuid dá chúrsa oiliúna, agus cuid dá scrúdú cheannchúrsa é, eolas ar na modhanna múinte a bhí leagtha síos sna *Notes for Teachers”*.

**Clár Naíonán Athbhreithnithe 1948**

Sa bhliain 1948, nuair a bhí Fine Gael i gceannas ar chomhrialtas nua, cháin an tAire Oideachais, an Ginearál Risteárd Ó Maolchatha, modhanna múinte na Naíonán a bhí curtha chun cinn ag rialtas Fhianna Fáil. D'eisigh sé Clár Leasaithe do Naíonáin (1948) in éineacht leis *An Naí-Scoil - Nótaí do Mhúinteoirí* (1951) inar dúradh gur chóir an Ghaeilge a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí eile. Ceadaíodh freisin an Béarla a mhúineadh ar feadh leathuair an chloig sa lá i ranganna na naíonán – rud nach raibh ceadaithe ó 1922.

Sa bhliain 1960, thug an tAire Oideachais, Pádraig Ó hIrighile, athrú eile isteach. Ní bhéadh sé riachtanach ranganna sóisearacha (Naíonáin agus Rang a hAon) a mhúineadh trí mheán na Gaeilge a thuilleadh i scoileanna i gceantair Bhéarla (Hyland and Milne, 1992, lch. 130). Dar le roinnt cigirí, m'athair Tomás Ó Domhnalláin ina measc, chuir na hathraithe seo tús le meath tapaidh ar an méid ama a caitheadh le múineadh na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta agus le caighdeán ginearálta na Gaeilge sna scoileanna. Scríobh Seán O'Conchubhair, Rúnaí na Roinne Oideachais, i 1960 gur "By the issuing of the January (1960) circular, Dr. Hillery ensured the disestablishment of the Irish language" (luaite in Walsh, lch.45). Go híorónta faoin tráth seo bhí teastas dátheangach ag formhór mór na múinteoirí scoile náisiúnta (85%) agus bheidís in ann polasaí tumoideachais Gaeilge a chur i bhfeidhm sna scoileanna.

I 1963, b'é tuairim na gcigirí ná go raibh laghdú tagtha ar úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide sna scoileanna agus go raibh an Béarla a úsáid le linn na ranganna Gaeilge. Dúradar: "Nuair nach n-úsáidtear an Ghaeilge i ngnáthshaol na scoile níl ann ach ábhar tirim neamhspéisiúil".

Ag féachaint siar ar an dtréimhse sin ar fad, scríobh Tomás Ó Domhnalláin in 1997:

> "Bhí an-bhéim ar an nGaeilge sa chóras oideachais idir 1922 agus 1950 agus caitheadh an-dúthracht ar fad léi i rith na tréimhse sin. Bhí laghdú ag teacht ar an mbéim áfach – agus ar an dúthracht – ón mbliain 1946, nó mar sin, ar aghaidh".

**An Coimisiún um Athbheocan na Gaeilge 1963**

Sa bhliain 1963, moladh i dtuarascáil an Choimisiúin um Athbheocan na Gaeilge go ndéanfaí anailís theangeolaíoch ar an nGaeilge mar theanga labhartha. Moladh freisin go gcuirfí cúrsaí grádaithe teagaisc sa teanga ar fáil (An Coimisiún um Athbheocan na Gaeilge). I 1965 d'aontaigh Páipéar Bán an Rialtais leis an moladh sin (Rialtas na hÉireann, 1965).

Timpeall an ama seo, bhí tús curtha ag an Roinn Oideachais le hathbhreithniú ar churaclam na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta. Tugadh cuireadh do shagart Proinsiasach, an tAthair Colmán Ó hUallacháin, a chaith tamall ag déanamh staidéir ar an dteangeolaíocht in Ollscoil Georgetown, Washington DC, labhairt ag comhdháil bhliantúil na gcigirí. De bharr a chuid cainte, ceapadh an tAthair Colmán mar comhairleoir teangan don Roinn Oideachais chun tabhairt faoin taighde a mhol an Coimisiún. I bhfómhar na bliana 1963, d'iarr an Roinn Oideachais ar Thomás Ó Domhnalláin, a bhí ina Roinnchigire ag an am, dul ag obair sa Teanglann I Rinn Mhic Gormáin leis an Athair Colmáin. Agus mar sin cuireadh tús leis an tionscadal taighde - Buntús Gaeilge.

***Buntús Gaeilge 1963 - 1966***

Tionscadal trí bliana a bhí i *mBuntús Gaeilge* – tionscadal a rinne ainilís ar chomhrá laethúil daoine fásta i gceantair Ghaeltachta na hÉireann (An Roinn Oideachais, 1966). Rinneadh ainilís ar struchtúir agus ar stór focal cainteoirí dúchais Gaeilge, idir óg agus aosta, ag díriú go háirithe ar mhinicíocht struchtúir chainte agus míreanna sonracha foclóra.

Léirigh anailís ríomhaireachta ar na sonraí go n'aithneodh duine a raibh 100 focal aige, 65% de chomhrá an chainteora dúchais Gaeilge – gan tagairt do cheisteanna na foghraíochta agus na fóineolaíochta atá mar chuid bhunúsach den chaint. Chuirfeadh 150 focal ar a gcumas 75% de chomhrá a leanúint agus chuirfeadh 500 focal ar a gcumas 90% a leanúint.

Foilsíodh an tuarascáil, *Buntús Gaeilge* i 1966 agus bhí tionchar forleathan aici ar mhúineadh na Gaeilge. Bunaithe ar thorthaí an taighde, d'ullmhaigh an Roinn Oideachais clár nua Gaeilge do scoileanna náisiúnta. Do ranganna a hAon agus a Dó b'é *Hóra a Pháid* a tugadh ar an gcúrsa, agus ba é *Dúisigh, a Bhríd,* an clár do ranganna III agus IV. Cigirí bunscoile sa Roinn Oideachais a scríobh na cláir seo, faoi stiúir Thomáis O Domhnalláin. In alt a scríobh sé 1997, dúirt Ó Domhnalláin (Ó Domhnalláin, 1997, lch. 486):

> Fágadh fúm féin ina dhiadh sin cúrsa trialach Gaeilge a cheapadh. Ba bheag baint a bhí ag an Athair Colmán le hullmhú na gcúrsaí ná lena gcur i bhfeidhm i scoileanna ina dhiadh sin. Bhí sé tógtha suas lena ghnó féin mar chomhairleoir teangeolaíochta don Roinn Oideachais …

Ina dhiaidh sin, scríobh cigirí iar-bhunscoile cúrsaí do dhaltaí iar-bhunscoile -*Bunsraith Gaeilge* agus *Téanam Ort* - agus úsáideadh an mhodheolaíocht freisin chun cúrsaí i dteangacha Eorpacha eile a scríobh - Écouter et Parler (Fraincis); Verstehen und Sprechen (Gearmáinis); agus Entendir y Hablar (Spáinnis).

Maidir leis na cláir bunscoile, cuireadh téacsleabhair, téipeanna fuaime do gach ceacht, agus áiseanna amhairc i bhfoirm "deilbhíní" ar fáil freisin. (Séard a bhí ins na deilbhíní ná pictiúirí ar chartchlár le Velcro ar a gcúl, greamaithe ar fheilt dhubh). Tháinig an smaoineamh maidir le húsáid deilbhíní ó chuairt a thug an tAthair Colmán ar Mharacó, áit a raibh deilbhíní den chineál céanna á n-úsáid chun an Fhraincis a mhúineadh do pháistí scoile ann (Ó Domhnalláin, 1997, lch. 486). I gcás na *gcúrsaí Buntús*, bhí níos mó ná 600 léaráid le haghaidh gach téacsleabhar. Cuireadh rogha eile ar fáil do na deilbhíní i bhfoirm stiallscannáin do mhúinteoirí a raibh teacht acu ar theilgeoir agus ar scáileán. Chomh maith leis sin, cuireadh Lámhleabhair ar fáil do mhúinteoirí.

I mí Meán Fómhair 1966, rinne an tAire Oideachais, Donnchadh Ó Máille, tagairt dos na cúrsaí scoile *Buntús* (Dáil Éireann, 1967). Tar éis dó a chur in iúl dá lucht éisteachta "nár tháinig sé chuig post an Aire Oideachais chun a bheith i gceannas bás na teangan náisiúnta", labhair sé mar gheall ar an modh nua chun an Ghaeilge a mhúineadh trí mhodh *Buntús Gaeilge*. Ní raibh le déanamh ag gach duine ach 900 focal agus frása a fhoghlaim chun a bheith in ann comhrá suntasach a bheith acu i nGaeilge. Chuir sé in iúl go raibh tionscadal píolótach ar bun i 150 bunscoil agus 50 scoil dara leibhéal a bhí ag baint úsáide as an modh seo agus go leanfadh tuilleadh trialacha go luath.

Laistigh de cúpla bliain bhí Buntús á úsáid go forleathan i scoileanna náisiúnta na tíre.

**An Curaclam Nua, 1971:**

Thart ar an am céanna, bhí curaclam nua bunscoile i ngach ábhar á ullmhú ag cigirí bunscoile na Roinne. Foillsíodh Curaclam Nua na Bunscoile sa bhliain 1971. Thug an Curaclam Nua "athraithe bunúsacha ar láthair, ní amháin ó thaobh ábhair de, ach ó thaobh modhanna múinte chom maith". Don chéad uair riamh, rinne an Curaclam Nua idirdhealú idir Gaeilge sa Ghaeltacht agus Gaeilge sa Ghalltacht, ag aithint go mbeadh an Ghaeilge mar dara teanga ag furmhór na ndaltaí.

De réir an Churaclaim Nua, "Is de thoradh taighde ar an teanga bheo a roghnaíodh agus a céimníodh ábhar na gceachtanna, idir fhoclóir, chomhréir agus dheilbhíocht. Baintear feidhm iontu as an modh closamhairc .... agus tá na scéimeanna grádaithe léitheoireachta bunaithe go dlúth ar an ábhar teanga atá sna cúrsaí". Ag an am céanna, dúradh "nach ceart go mbeadh an t-oide agus na daltai teoranta don mhéad Gaeilge atá sna ceachtanna, ná don mhéad ama a chaitear ar theagasc foirmiúil na Gaeilge. Ba cheart an Ghaeilge a úsáid go coitianta sa scoil agus lasmuigh di – nuair a bhíonn na páistí ag obair agus nuair a bhíonn siad ag súgradh.... Ba chóir freisin go mbeadh an Ghaeilge á húsáid, a bheag nó a mhór, le linn na ngníomhíochtaí uile... D'fhéadfaí na ghnáthphaidreacha simplí agus na ghnáthbheannachtaí a rá i nGaeilge .... agus freisin ba chóir Gaeilge a úsáid i ranganna Coirpoideachais, ranganna Ceoil, agus sna ceachtanna ar Eolas Imshaoil...".

Ó thaobh daltaí na Gaeltachta, scríobhadh mar leanas: "Beidh béim níos láidre ná riamh feasta ar fhorbairt an chomhrá i mbunscoileanna na Gaeltachta. Leathnófar ar raon an chomhrá i ngach rang agus féachfar le spéis na bpáistí a chothú sa teanga féin, i gcultúr agus i saoithiúltacht na Gaeltachta, agus i gcúrsaí an tsaoil mhóir i gcoitinne.

Feictear, mar sin, go raibh athraithe móra tagtha ar an gCuraclam i 1971, ach ag an am chéanna bhí béim fós ar úsáid na teanga mar theanga cumarsáide ins na seomraí ranga agus ins na scoileanna.

**An Ghaeilge ins na Meánscoileanna;**

Roimh 1922, ba bheag deontais a bhí ar fail ó'n rialtas le haghaidh meánoideachais. Bhí deontais ar fáil ag meánscoileanna de bharr torthaí a ndaltaí i dtrí scrúdú oifigiúil – an Grád Sóisearach; an Meán Grád agus an Grád Sinsearach. Toisc go raibh ar daltaí táillí a íoch chun freastal ar na meán scoileanna, agus bhí furmhór na ndaoine an-bhocht ag an am, nior fhreastal ach timpeall 10% de déagóirí na tíre ar mheánscoil.

Déanadh aithrithe móra ar an gcóras meánoideachais tar éis 1922. Cuireadh deireadh le híocaíocht de reir torthaí na ndaltaí (Payment by Results) agus tugadh isteach deontais chaipitíochta - deontais bunaithe ar líon na ndaltái a bhí ag freastal ar gach scoil. Tugadh isteach freisin tuarastail oifigiúl do na múinteoirí. Ach bhí táillí fós le ni-íoch ag daltaí chun freastal ar mheánscoil.

Rinneadh alán athraithe freisin ar an gcuraclam agus ar na scrúdaithe oifigiúla. Tugadh isteach an Meán Teistiméirecaht and an Ardteistiméireacht i 1924. Ó 1928 i leith bhí an Ghaeilge riachtanach don Mheán Teistiméireacht agus ó 1934 bhí an Ghaeilge éigeantach

don Ardteistiméireacht.  Bhí dhá chúrsa Ghaeilge ar fáil ag leibhéal an Mheáin-Teist agus ag leibhéal an Aird-Teist - Gearr-Chúrsa agus Lán Chúrsa.  Ins na triochaidí tugadh Gaeilge agus Litríocht na Gaeilge orthu agus níos déanaí tugadh Bun-chúrsa agus Ard-chúrsa orthu.

Bhí bónas breise ar fáil ag scoileanna a mhúin gach ábhar trí Ghaeilge (Scoileanna A) agus bhí bónas le fáil freisin (bónas níos lú) ag scoileanna a mhúin leath na n-ábhar trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, bronnadh marcanna breise ins an Meán Teist agus an Ard-Teist ar daltaí a fhreagair na ceisteanna tré Ghaeilge ar na páipéirí scrúdúcháin.

Foillsíodh an chéad Ghaeilge Caighdeánach in 1948 ach leanadh ar aghaidh leis na canúintí ar feadh i bhfad ina dhiadh sin in alán des na scoileanna. Tosnaíodh ag úsáid an cló Rómhanach chun an Ghaeilge a scríobh ag deireadh na gcaogaidí agus  tugadh isteach Béaltriail sa Ghaeilge don Art Teist i 1960. Bhí mise ar scoil in Scoil A (scoil lán Ghaelach) ins na caogaidí nuair a bhí na hthraithe seo go léir ar siúl agus chuir iad stró ar na daltaí abhí suim acu sa teanga! Rinne mise an Ard Teist in 1959 – ní raibh an Caighdeán á úsáid ag gach múinteoir agus bhí sé deacair dos na daltaí fhios a bheth acu cén leagan Ghaeilge ba choir dóibh a úsáid! Is cuimhin liom go raibh orm freisin an cló Rómhánach a úsáid san Ard Teist cé gur chaith mé mo shaol iomlán scoile go dtí sin ag úsáid an cló Gaelach!

**Conclúidí**

O'n méid a dúras go dtí seo, is soiléir go raibh polasaí i leith múineadh na Gaeilge i scoileanna na tíre, idir bunscoileanna agus meánscoileanna, dírithe ar athbheochan na teanga mar teanga beo, bríomhar. Ní polasaí réalaíoch abea é – toisc nach raibh an Ghaeilge á úsáid ag na meáin éagsúla, agus nach raibh an teanga á labhairt sa chuid is mó den tír.  Bhí an rialtas ag súil go n-úsáidfí an Ghaeilge mar theanga cumarsáide ins na bunscoileanna agus  go múinfí gach ábhar tré Gaeilge (seachas Béarla) iontu. Dá n-eireodh leis an bpolasaí seo, ní bheadh aon gá le aitheantas ar leith a thabhairt do scoileanna lán-Ghaelacha agus idir 1922 agus na seachtóidí ní raibh a leithéid de aitheantas ar fáil.  Agus cé go ndearna alán múinteoirí a ndícheall, níor éirigh leis an bpolasaí. Bhí sé sin soiléir faoi deireadh na seascaidí nuair a fhoilsíodh tuarascáil an Choimisiúin um Athbheocan na Gaeilge. Ach bhí tús curtha leis an obair.  Agus mar a deir an seanfhocal, "tús maith leath na hoibre". Cloisfimid ó Kerron Ó Luain tar éis an lóin cad a tharla ins na seachtóidí agus ina dhiadh sin.

Go raibh maith agaibh!

**Tagairtí:**

An Roinn Oideachais (1922) *Tuarascáil na Chéad Comhdhála Clár Náisiúnta,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1926) An *Dara Clár Náisiúnta,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1934), *Nótaí d'Oidí – Gaeilge*, Dublin: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais (1951), *An Naí-Scoil – Notes for Teachers,* Dublin: An Roinn Oideachais.

Dáil Éireann (1967), vol. 230, 8 Samhain 1967, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1963), *Tuarascáil Bhliantúil*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1966), *Buntús Gaeilge*, Baile Átha Claith: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (1965), *Páipéar Bán ar Athbheocan na Gaeilge,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Hyland, Áine agus Milne, Kenneth (1987), *Irish Educational Documents Volume 1,* Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, 1987.

Hyland, Áine agus Milne, Kenneth (1992), *Irish Educational Documents Volume 2,* Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, 1992.

Ó Domhnalláin, Tomás (1967), *Buntús Cainte, Cuid 1, 2 and 3,* Dublin: An Gúm.

Ó Domhnalláin, Tomás ( 1987), *The Irish Language in Primary Education in the Republic of Ireland,* páipéar a scríobhadh mar chuid de thionscadal AEA a chomhordaigh an Fryske Akademy, Leeuwarden 1987.

Ó Domhnalláin, Tomás (1997), "Buntús Gaeilge agus Bunú ITÉ", *Dán do Oide: Essays in Memory of Conn Ó Cléirigh 1927 – 1995*, curtha in eager ag Anders Ahlqvist agus Vera Capkova, Dublin: Institiúid Teangeolaíocht na hÉireann.

Comhdháil an Chláir Náisiúnta (1922), *National Programme of Primary Instruction,* Baile Átha Cliath: The Educational Company of Ireland, Ltd.

Comhdháil an Chláir Náisiúnta (1926), *Tuarascáil agus Clár,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Walsh, Thomas, *Bunoideachas in Éirinn 1897 – 1990: Curaclam agus Comhthéacs,* Oxford, Bern agus Beirlín: Peter Lang, 2011.

Walsh, John, *The Politics of Expansion: The Transformation of educational policy in the Republic of Ireland, 1957-1972,* Manchester University Press, 2009.

*Nóta faoin údar.*

Is í Áine Hyland (née Ní Dhomhnalláin) Ollamh Emeritus le hOideachas agus iar-Leas-Uachtarán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is iníon í le Tomás Ó Domhnalláin, nach maireann, údar *Buntús Cainte.* Is ball í d'Acadamh Ríoga na hÉireann.